



msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil 2023

Deiseanna Saoil agus
Maireachtála

BILEOG RIALAITHE DOICIMÉAD

An tAonad Gnó	Roinn na Seirbhísí Corparáideacha
Catagóir Oibre	Rialachas
Teideal an Doiciméid	Tuarascáil Bhliantúil
Uimhir an Doiciméid	V1

Rev (de réir buntáisc)	Stádas	Údar/Údair	Athbhreithnithe ag	Faofa ag	Oifig Tionscnaimh	Dáta Eisiúna
V1	DRÉACHT	Teimpléad oiriúnaithe ón Roinn Oideachais & BOOMSL	JK, CL, OR	EMT: 20 Bealtaine 2024 Bord BOOMSL: 21 Bealtaine 2024 An Roinn Oideachais	Ceanncheathrú, Caisleán an Bharraigh	21 Bealtaine 2024

Clár Ábhair

Réamhrá	1
1. Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	2
2. Bainistíocht Riosca:	6
3. Struchtúr na hEagraíochta	8
4. Ráiteas Seirbhísí	9
4.1 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta	10
4.2 Airgeadas	11
4.3 Seirbhísí Corparáideacha	12
4.4 Acmhainní Daonna	17
4.5 Tacaíocht TFC	19
5. Achoimre Airgeadais	21
6. Príomhchaidrimh	21
7. Scoileanna BOOMSL	22
8. Breisoideachas agus Oiliúint (BO)	28
9. Cláir BO	29
10. Eolas Teagmhála	43
11. Gluais	44
12. Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL	45

Réamhrá

Is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil 2023 de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) a chur i láthair. Is deis í an tuarascáil seo aird a tharraingt ar an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí atá déanta ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOMSL le bliain anuas. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil freisin ar an ngné ghaolmhar airgeadais agus corparáideach den obair a rinneadh i BOOMSL in 2023.

Is mian liom an obair a rinneadh chun an tuarascáil bhliantúil seo a chur le chéile a mholadh agus gabhaim buíochas le comhaltaí uile Bhord BOOMSL mar aon leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus le foireann uile na heagraíochta, a lean orthu ag tabhairt a gcuid ama go fial ar mhaithe le tacú chun earnáil oideachais agus oiliúna a chothú sa réigiún seo le linn 2023. Níl aon amhras orm i bhfianaise an tiomantais atá léirithe ag gach duine a bhí bainteach le bliain anuas, ach go leanfaidh BOOMSL ar aghaidh ag freastal ar athruithe agus/nó ar dhúshlán nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus muid ag iarraidh seirbhísí oiliúna agus oideachais ionchuimsitheacha, ardcháilíochta sofhreagracha agus nuálacha a sholáthar dár bpobal.

John Caulfield, Cathaoirleach

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) Tuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair an phobail. Le linn 2023, lean BOOMSL ar aghaidh ag fás agus ag feabhsú. Is mian liom aitheantas a thabhairt do gach duine i bpobal iomlán BOOMSL agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Leis na hiarrachtaí agus an tiomantas a thug na baill foirne do BOOMSL, cinntíodh gur leanadh ar aghaidh agus gur forbraíodh ár seirbhísí i rith na bliana, rud a chabhraigh le rath leanúnach ár bhfoghlaimoirí agus ár mac léinn i rith 2023.

Sa tuarascáil seo tugtar deis machnamh a dhéanamh ar gach ní a baineadh amach in 2023 agus muid ag stiúradh soláthar oideachais agus oiliúna sa réigiún trí chomhar agus chomhoibriú leis an tionscal agus fiontar áitiúil, pobail agus an iliomad páirtithe leasmhara atá againn.

Tháinig forbairt shuntasach ar fheasacht an phobail ar BOOMSL sa réigiún le linn na bliana agus tá ár gcroíluachanna mar eagraíocht - Réamhghníomhaíocht, Gairmiúlacht, Comhoibriú agus Cáilíocht lárnach i gcónaí dár soláthar seirbhíse foghlaimoirlárnach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht ár gcuid maoinitheoirí uile, ár mBord agus ár bpáirtithe leasmhara uile agus táim ag tnúth le 2024 agus leis na blianta ina dhiaidh sin, agus le forbairt leanúnach BOOMSL.

Tom Grady, Príomhfheidhmeannach

1. Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) faoin *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013* ('Acht 2013') agus tá sé freagrach agus cuntasach as treorú agus rialú ceart a dhéanamh ar a chuid feidhmeanna i limistéar údarás áitiúil Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Cloíonn BOOMSL leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna* ('an Cód Cleachtais'). Is é aidhm an chóid ná a chinntiú go gcuireann BOOMSL prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

1.1 Feidhmeanna an Bhoird BOO:

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí arna ndéanamh ag an mBord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus sa Chód Cleachtais. Tá sceideal iomlán de na feidhmeanna sin leagtha amach in Aguisín A den Chód Cleachtais. Meastar gur feidhmeanna feidhmiúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go dtarmligeann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna nuair is cuí agus de réir Acht 2013.

1.2 Freagrachtaí an Bhoird:

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 d'Acht 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na polasaithe cuntasáíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú

Le linn 2023 d'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas:

- Glacadh le Straitéis Ráitis 2023 go 2027
- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil,
- Ráitis Airgeadais,
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse,
- Freastal údaráithe comhaltaí ar chomhdhálacha,
- Faomhadh talamh nó leas a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt de réir rialacháin rialtais,
- Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

Cruinnithe Boird:

Tháinig BOOMSL le chéile ocht n-uair in 2023, i gcomhréir le hAlt 4.3 den Chód Cleachtais. Tá liosta den Phríomh-Bhord mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird leagtha amach thíos:

Coiste Ainm an Chomhalta	Comhlacht Ainmniúcháin	Dáta an Chruinnith e 21.02.23	Dáta an Chruinnith e 28.03.23	Dáta an Chruinnith e 23.05.23	Dáta an Chruinnith e 20.06.23	Dáta an Chruinnith e 11.09.23	Dáta an Chruinnith e 19.09.23	Dáta an Chruinnith e 14.11.23	Dáta an Chruinnith e 12.12.23	Iomlán Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu
An Clr. John Caulfield Cathaoirleach (ó Mheán Fómhair 2023)	Co. Co. Mhaigh	X		X	X		X		X	5/8
An Clr. Rosaleen O'Grady	Co. Co. Shligigh		X	X		X	X	X	X	6/8
An Clr. Mary Bohan Cathaoirleach (go dtí Meán Fómhair 2023)	Co. Co. Liatroma		X	X	X	X	X	X	X	7/8
An Clr. Seán Carey (Deputy Chairperson up to Sep 2023)	Co. Co. Mhaigh Eo	X		X	X		X	X		5/8
An Clr. Tom Connolly	Co. Co. Mhaigh Eo	X		X	X		X			4/8
An Clr. Christy Hyland	Co. Co. Mhaigh Eo	X		X	X			X		4/8
An Clr. Donna Sheridan	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X		X	X			X	5/8
An Clr. Richard Finn	Co. Co. Mhaigh Eo	X		X	X		X	X	X	6/8
An Clr. Arthur Gibbons	Co. Co. Shligigh				X		X	X		3/8
An Clr. Marie Casserly	Co. Co. Shligigh				X	X				2/8
An Clr. Paddy O'Rourke	Co. Co. Liatroma	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Phríomh-Bhoird										
Coiste Ainm an Chomhalta	Comhlacht Ainmniúcháin	Dáta an Chruinnithe 21.02.23	Dáta an Chruinnithe 22.03.23	Dáta an Chruinnithe 23.05.23	Dáta an Chruinnithe 20.06.23	Dáta an Chruinnithe 11.09.23	Dáta an Chruinnithe 19.09.23	Dáta an Chruinnithe 14.11.23	Dáta an Chruinnithe 12.12.23	Iomlán Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu
An Clr. Enda Stenson	Co. Co. Liatroma	X	X		X	X	X	X	X	7/8
Nicole McGowan.	Ionadaí Foirne BOOMSL		X	X		X	X	X	X	6/8
Pat Coffey.	Ionadaí Foirne BOOMSL	X	X	X	X		X	X	X	7/8
Anne Marie McDaniel (ó Mhárta 2023)	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO		X	X		X	X		X	5/8
John Moran (ó Mheán Fómhair '22)	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO	X	X			X		X		4/8
An Dr. Jennifer Van Aswegen	Cónaidhm Míchumais na hÉireann i gcomhar le AHEAD					X	X	X	X	4/8
Pat Forde	Obair d'Ógra Éireann	X		X	X	X		X	X	6/8
Malachy Molloy.	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha	X	X	X	X			X	X	6/8
Seamus Kilgannon Leas-Chathaoirleach (ó Mheán Fómhair 2023)	Cumann um Ardoideachas Teicniúil	X	X	X	X	X	X	X	X	8/8
Pamela Ní Thaidhg	Údarás ns Gaeltachta	X	X	X	X	X	X	X		8/8

An Coiste Airgeadais

De réir Alt 4.11 den Chód Cleachtais 2019 tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé in 2023. Tá liosta an Choiste Airgeadais mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird leagtha amach thíos:

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais						
Coiste Ainm an Chomhalta	Comhalta Inmheánach nó Seachtrach	Dáta an Chruinnithe DÁTA 14/02/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 27/03/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 24/10/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 07/12/2023	Iomlán Líon na gCruinnithe Ar freastalaíodh orthu in 2023
An Clr. Paddy Bourke (Cathaoirleach)	Inmheánach	X	X	X	X	4/4
Sean Duffy	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
An Clr. Mary Bohan	Inmheánach		X		X	2/4
An Clr. Tom Connolly	Inmheánach	X				1/4
John O'Malley	Seachtrach	X	X	X	X	4/4

An Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta & Riosca le chéile cheithre huairé le linn 2023, i gcomhréir le hAlt 7.18 de Chód Cleachtais 2019. Tá liosta an Choiste Iniúchta & Riosca, mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird, leagtha amach thíos:

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta & Riosca						
Coiste Ainm an Chomhalta	Comhalta Inmheánach nó Seachtrach	Dáta an Chruinnithe DÁTA 22/03/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 19/09/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 18/10/2023	Dáta an Chruinnithe DÁTA 05/12/2023	Iomlán Líon na gCruinnithe Ar freastalaíodh orthu in 2023
Des Mahon (Cathaoirleach)	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Pearce O'Malley	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Lauri Quinn	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Seamus Kilgannon	Inmheánach	X	X	X	X	4/4
An Clr. Christy Hyland	Inmheánach	X		X	X	3/4
Malachy Molloy	Inmheánach		X	X	X	3/4

2. Bainistíocht Riosca:

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2023. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord ó thaobh a fheidhme bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánach agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach a dhéantar, ar nós iniúchadh Chiste Sóisialta na hEorpa agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha a dhéantar ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca
- Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca,
- Athruithe ar rátálacha riosca,
- Clár Iniúchta.

Áirítear mionsonraí de na príomhrioscaí agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

2.1 Córas Rialuithe Inmheánacha:

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus gur cuireadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

2.2 Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair:

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus le cur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh um Sholáthar.

2.3 Cánachas:

Deimhníonn an Bord gur chloígh an BOO lena oibleagáidí faoin dlí cánach.

2.4 Ráitis Airgeadais 2023:


Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh

BOOMSL na ráitis airgeadais iniúchta chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a sínithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird agus anailísiú déanta orthu de réir catagóire.
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh na príomhbhainistíochta arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán.
 - Tuarastail agus sochair fostaí gearrthéarmacha
 - Sochair Iarfhostaíochta
 - Socair Foirceanta.
- Cúiteamh don phríomhbhainistíocht, más ann:
- Cuirfear sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú idir €0 agus €59,999 orthu agus ar a sochair fostaí iomlána (gan costais phinsean fostóra a áireamh) don tréimhse thuairiscithe agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána fostóra.

3. Struchtúr na hEagraíochta



4. Ráiteas Seirbhísí

Bhí ról lárnach ag an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maidir le héascú agus bainistiú a dhéanamh ar raon leathan gníomhaíochtaí laistigh den eagraíocht in 2023. Mar chrann taca lárnach atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmeanna éagsúla oibríochta agus seirbhíse, bhí an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta chun tosaigh ar thionscnaimh a bhí dírithe ar éifeachtúlacht a bharrfheabhsú, feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse, agus oibríochtaí saoráideacha a chinntiú thar ranna agus aonaid éagsúla.

Sa Roinn Airgeadais, chuir an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta go gníomhach le haistriú chóras SAP na heagraíochta go córas Ceannaigh go hÍoc (P2P) agus SUN Financials, ag éascú soláthar comhdhlúite agus tuairisciú airgeadais. Ina theannta sin, chuir an tAonad Airgeadais tús leis an tionscadal chun próisis Taistil & Cothabhála a aistriú chuig seirbhísí Comhroinnte den tSeirbhís Oideachais Gnó Comhroinnte agus é a mhaoirsiú freisin, ag cuíchóiriú próisis bhainistíochta costas don fhoireann agus do dhaoine nach fostaithe iad.

Faoi scáth ár Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, chuireamar tacaíocht riachtanach ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le rialachas, lena n-áirítear cruinnithe boird agus tuairisceáin reachtúla. Ina theannta sin, bhí ról ríthábhachtach ag an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maidir le comhlíonadh na rialachán um chosaint sonraí a chinntiú, próisis soláthair a mhaoirsiú, cúrsaí a bhaineann le heastát a bhainistiú, agus tionscnaimh sláinte & sábháilteachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

I réimse na nAcmhainní Daonna, chuireamar chun tosaigh iarrachtaí earcaíochta, d'éascaíomar próisis bhainistíochta conarthaí fostaithe, agus rinneamar bainistiú ar thascanna riaracháin éagsúla atá ríthábhachtach d'fheidhmiú rianúil na heagraíochta. Ina theannta sin, ghlac AD páirt ghníomhach in iniúchtaí, rinne siad seisiúin oiliúna, agus chomhoibrigh siad le haonaid éagsúla chun comhlíonadh na gceanglas rialála agus na mbeartas eagraíochta a chinntiú.

Dhírigh tionscnaimh tacaíochta Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) de chuid BOOMSL ar bhearta cibearshlándála a neartú, bonneagar a uasghrádú, gléasanna a imscaradh, agus comhoibriú saoráideacha le tionscadail tógála a chinntiú. Trí fheasacht ar chibearshlándáil a fheabhsú, bonneagar líonra a bharrfheabhsú, agus córais chumarsáide nua-aimseartha a úsáid, bhí ról lárnach ag an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maidir le sonraí eagraíochtúla a chosaint agus dul chun cinn teicneolaíochta a chur chun cinn.

Ar deireadh, rinne an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirseacht ar iliomad tionscadal tógála, ó chóiríocht bhreise go hoibreacha éigeandála agus uasghrádú bonneagair thar scoileanna éagsúla agus ionaid BO. Trí na tionscadail seo a chomhordú agus comhlíonadh na gcaighdeán rialála a chinntiú, chuir an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta go mór le feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama agus ar an mbonneagar do mhic léinn agus don fhoireann araon.

Go hachomair, chuimsigh gníomhaíochtaí de chuid na Stiúrtóireachta um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta in 2023 thar réimsí airgeadais, seirbhísí corparáideacha, acmhainní daonna, tacaíocht TFC agus bainistíocht foirgníochta. Trína chur chuige réamhghníomhach, iarrachtaí díograiseacha, agus comhoibriú éifeachtach le haonaid éagsúla, bhí ról ríthábhachtach ag an Stiúrtóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maidir le fás eagraíochtúil a chur chun cinn, comhlíonadh rialála a chinntiú, agus timpeallacht a chuidíonn le foghlaim agus forbairt a chothú. Ag dul ar aghaidh, tá an Stiúrtóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta fós tiomanta do shármhaitheas oibriúcháin a thacú agus seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar de réir mhisean agus chuspóirí na heagraíochta.

4.1 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is iad seo a leanas na feidhmeanna laistigh de gach Roinn:

Airgeadas:

1. Creidiúnaithe
2. Liúntais Foghlaimeoirí
3. Costais taistil agus chothaithe
4. Bainistíocht an Chisteáin
5. Buiséadú & Réamhaisnéis
6. Tuairisciú Airgeadais

Seirbhísí Corparáideacha:

1. Príomhfheidhmeannach / Bord Tacaíochta Bainistíochta
2. Rialachas agus Comhlíonadh
3. Riarachán um Shláinte agus Sábháilteachta
4. Árachas agus Dí
5. Bainistíocht Riosca
6. Soláthar
7. Foirgnimh agus Bainistíocht Eastáit
8. Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise.

Acmhainní Daonna:

1. Conarthaí / Saoire / Asláithreachtaí / CoreHR (DF 2021)
2. Earcaíocht
3. Oiliúint agus Forbairt Foirne
4. Pinsin
5. Caidreamh Fostaithe
6. Tuairisciú / Comhlíonadh Acmhainní Daonna
7. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
8. Leithdháileadh Múinteoirí

Tacaíocht TF

1. Riarachán Lónra, Freastalaí agus Córais
2. Fíorúlú
3. Bainistíocht Bonneagair Néal
4. Bainistíocht gléasanna soghluaiste

5. Bainistíocht Bunachar Sonraí
6. Deasc Chabhrach/Tacaíocht Theicniúil
7. Forbairt Bogearraí
8. Seirbhísí Comhroinnte
9. Bainistíocht Tionscadail TFC
10. Bainistíocht Bonneagair TFC
11. Soláthar TFC agus Bainistíocht Díoltóra
12. Faisnéis ghnó agus anailísíocht
13. Rialachas agus Comhlíonadh TFC
14. Slándáil TFC

Tá cuid de na príomhthionscadail a rinneadh i ngach ceann de na ranna leagtha amach thíos.

4.2 Airgeadas

Chomh maith leis na gnáthghníomhaíochtaí laethúla a dhéantar sa rannóg airgeadais, tá obair ar siúl ar na príomhthionscadail seo a leanas:

4.2.1 Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Cuireadh Ráitis Airgeadais BOOMSL 2023 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste roimh 1 Aibreán 2024.

4.2.2 Seirbhísí Comhroinnte

Leantar le forbairt creata seirbhísí comhroinnte náisiúnta do BOOanna a chuimsíonn na feidhmeanna párolla agus airgeadais.

4.2.3 Tionscadail Seirbhísí Comhroinnte

Ag leanúint ar aghaidh ón aistriú suntasach go SUN Financials lena n-áirítear córas Ceannaigh go hóc (P2P) ar an 1 Iúil 2022 cuireadh tús le roinnt tionscadal eile agus seachadadh go rathúil iad le linn 2023. Áiríodh orthu sin Cóid pá Manser a thiontú go cóid phá SUN Financial (Meán Fómhair 2023), aistriú an chórais tuairiscithe SAP reatha sna Lárionaid Oiliúna go P2P agus SUN Financials lena n-áirítear Oiliúint ar Conradh (Samhain 2023) agus an t-aistriú go dtí Seirbhísí Comhroinnte Taistil agus Cothabhála (Eanáir 2024) do gach éilitheoir Taistil agus Cothabhála. Bhí gach ceann de na tionscadail seo á stiúradh agus á mbainistiú go rathúil ag Ceannasaí Aistrithe Tionscadail ó Fhoireann Airgeadais BOOMSL a chomhoibrígh le comhghleacaithe ón Aonad Seirbhíse Comhroinnte Oideachais, Gnólacht Cuntasaíochta Ernst Young ('EY'), DCS agus Core Financials de réir mar a bhí gá leis, i dteannta le comhghleacaithe éagsúla ar fud BOOMSL chun na tionscadail seo a sheachadadh go rathúil agus in am.

4.2.4 Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Le linn 2022 chuir an tAonad Seirbhísí Comhroinnte agus an earnáil tús le pleanáil agus le hobair dheartha phróisis chun ardán teicneolaíochta amháin a sholáthar do Airgeadas BOO sna blianta atá le teacht a bhfuil sé mar aidhm aige próisis Airgeadais agus Cuntasaíochta an

BOO a chaighdeánú, a lárú agus a bharrfheabhsú trí mhúnla Seirbhísí Comhroinnte le feabhsú leanúnach ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm aige struchtúr rialachais aonair a bhunú chun an riosca a bhaineann le próisis Airgeadais & Cuntasaíochta a sheachadadh a laghdú agus chun tuarascálacha cuntasaíochta airgeadais agus bainistíochta ardchaighdeán a sholáthar le haghaidh comhlíonadh rialála, anailísíocht ghnó & cinnteoireacht bainistíochta. D'aistrigh dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna go Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in 2023. Tá rogha curtha in iúl ag BOOMSL maidir le haistriú i lár 2025.

4.3 Seirbhísí Corparáideacha

Ba bhliain tháirgiúil agus rathúil í 2023 ar fud gach colúin de Sheirbhísí Corparáideacha. Laistigh de BOOMSL, cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do Bhord BOOMSL, a dhéanann maoirseacht ar Rialachas agus ar Chomhlíonadh, Soláthar, Tionscadail Chaipitil, Oibreacha Foirgnimh agus Bainistíocht Eastát, Riarachán Sláinte & Sábháilteachta, Árachas agus Mótarfhlít, chomh maith le Riarachán Cosanta Sonraí agus Saoráil Faisnéise a bhainistiú.

4.3.1 An Príomhfheidhmeannach agus Tacaíocht an Bhoird, agus Rialachas

D'éascaigh Seirbhísí Corparáideacha ocht gcruinniú boird BOOMSL in 2023 ar fud na dtrí chontae agus thacaigh siad leis an bPríomhfheidhmeannach ina ról. Rinne Seirbhísí Corparáideacha ceanglais reachtaíochta na BOOanna a riar mar a leagtar amach faoi *Chiorclán Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna*, lena n-áirítear tuairisceáin roinne amhail Comhaontú Maoirseachta na Roinne agus Tuairisceáin Ráithiúla, Plean Seirbhíse BOOMSL 2023, Tuarascáil Bhliantúil BOOMSL 2022 agus, an Tuairisceán Bliantúil faoin Acht Carthanas.

D'ullmhaigh Seirbhísí Corparáideacha an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus an Chairt Chustaiméirí freisin. Rinne an roinn tuairisceáin bhliantúla na gClár-Rioscaí agus an Chóid Eitice a riar agus a thiomsú freisin. I rith na bliana, d'ullmhaigh agus chuir na Seirbhísí Corparáideacha tuarascálacha faoi bhráid an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

4.3.2. Ráiteas Straitéise BOOMSL 2023-2027

I mbliana, sheol BOOMSL a Ráiteas Straitéise 2023-2027, a cuireadh le chéile trí phróiseas fairsing comhairliúcháin agus bunaithe ar phríomhbheartas, straitéis agus reachtaíocht ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Tugann an ráiteas isteach sraith de chroíluachanna - Cáilíocht, Gairmiúlacht, Comhoibriú, Réamhghníomhaíocht agus Cuimsitheacht - atá deartha chun tacú le páirtithe leasmhara ar fud an réigiúin agus freastal á dhéanamh ar a gcuid riachtanas éagsúil. Leagann sé amach cuspóirí straitéiseacha laistigh de chúig phríomhréimse: Teagasc agus Foghlaim, Forbairt agus Nuálaíocht, Timpeallacht Foghlama agus Cumasú Digiteach, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht, agus Cultúr agus Eagrú. Ag labhairt di ag an seoladh, dúirt Cathaoirleach BOOMSL, an Comhairleoir Mary Bohan, *"Cuireann an Ráiteas Straitéise seo lenár dtraidisiún fadhbunaithe nuálaíochta agus freagrúlachta do riachtanais oideachais foghlaimeoirí agus pobail i Maigh Eo, i Sligeach agus i Liatroim. Táim muiníneach go stiúrfaidh an straitéis seo ár n-eagraíocht agus muid ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna atá nuálach agus ar ardchaighdeán."*

4.3.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla

In 2023, thosaigh BOOMSL ag bailiú faisnéise chun tacú lenár n-oibleagáid faoi alt 10A d'*Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021*. Faoin alt seo, caithfidh ar a laghad 20% den fhógraíocht ar fad a bheith i nGaeilge agus 5% de bhuiséad fógraíochta BOOMSL a bheith sna meáin Ghaeilge. Déanfar an chéad tuairisceán den fhaisnéis seo i R1 2024 de réir ár n-oibleagáidí.

4.3.4 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Bliain ghnóthach agus thorthúil a bhí in 2023 don Aonad Cosanta Sonraí.

Phróiseáil, riar agus/nó réitigh an t-aonad naoi nIarratas Rochtana d'Ábhar Sonraí, sé Shárú Sonraí agus sé Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí is fiche. Críochnaíodh roinnt Comhaontuithe Próiseála Sonraí agus Comhaontuithe Roinnte Sonraí le linn 2023.

Thug an tOifigeach Cosanta Sonraí cuairt ar roinnt Scoileanna agus Ionaid, thug sé tacaíocht agus treoir don fhoireann maidir le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí ('RGCS') agus ag an am céanna ag aithint agus ag tabhairt aghaidh ar rioscaí féideartha cosanta sonraí. Rinne an tAonad um Chosaint Sonraí bainistiú ar líon suntasach fiosrúchán ginearálta cosanta sonraí le linn 2023 agus reachtáil sé roinnt seisiún oiliúna buail isteach don fhoireann.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2023 maidir le rioscaí a aithníodh san Anailís ar Bhearnaí Cosanta Sonraí a rinneadh in 2022 a laghdú agus chun fáil réidh leo. Le linn 2023 leanadh den obair i réimse an athbhreithnithe beartais agus na dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála.

Phróiseáil agus chríochnaigh an tAonad um Shaoráil Faisnéise 17 n-Iarratas um Shaoráil Faisnéise thar ceann na heagraíochta.

4.3.5 Soláthar

In 2023, bhí bliain thar a bheith gnóthach ag an Soláthar, lena n-áirítear tionscadail a soláthraíodh go lárnach a sholáthar ar nós Béilí Scoile (DEIS), Trealamh don dá scoil agus Breisoideachas agus Oiliúint, Seomra Fuar, Ionstraimíocht, Trealamh Lónadóireachta, Rígí Oiliúna, Seirbhísí Glactha Stoc, Soláthairtí Glantacháin, Dramhaíl Ghuaiseach, troscán agus Seirbhísí Imscrúduithe san Ionad Oibre.

In 2023 leanamar ar aghaidh le córas bainistíochta conartha réamhghníomhach, chun caidrimh soláthraithe a thógáil agus a fheabhsú i bhfoirm athbhreithnithe rialta. Cinntíonn na bealaí soiléire cumarsáide seo seachadadh ceart agus cáilíocht táirgí agus seirbhísí chuig gach cearn den BOOMSL.

Agus ár gcórais neartaithe TF ag teacht isteach agus ag tógáil ar na seirbhísí a fuarthas cheana féin, cuireadh tuilleadh seirbhísí i bhfeidhm in 2023 chun tacú le Foireann TF BOOMSL. Áiríodh leis seo seirbhísí cosúil le Bainistíocht Córais TFC agus Tacaíocht Theicniúil, Comhpháirtí Digiteach TFC, agus soláthraí teileachumarsáide néal / VOIP / MS Teams, gléasanna TF, slándáil ríomhphoist, seirbhísí Leathanbhanda, Seirbhísí Oiliúna Feasachta Cibear, Fóin Póca,

Garda Víreas, Painéal Idirghníomhach, agus tacaíocht leanúnach do thacaíochtaí Oideachais Speisialta agus Oideachas Mac Léinn.

Thug BOOMSL faoin aistriú freisin ó SAP go SUN Financials agus an Modúl P2P a bhaineann leis. Ba athrú suntasach eile é seo d'ionaid oiliúna BOOMSL agus theastaigh infheistiúcht in acmhainní, go háirithe ó Airgeadas agus Soláthar. Déanann an t-aistriú seo líon na gcóras airgeadais oidhreachta a chomhdhlúthú a thuilleadh agus rochtain beagán sruthlínithe ar fhaisnéis maidir le tuairisciú soláthair agus athbhreithniú caiteachais dá bharr.

Thug SGO Bainistíocht Conarthaí Tairisceana (BCT) isteach in 2023, agus cé go bhfuil go leor oibre curtha i gcrích, agus an córas beo, tá roinnt athruithe forbartha ag teastáil chun an tionscadal a thabhairt chun críche.

I samhradh 2023, thug an Oifig um Sholáthar Rialtais córas nua ríomhthairiscintí isteach. Caitheadh go leor ama agus acmhainní go náisiúnta nuair a tugadh isteach an córas, agus tá oiliúint ar siúl go leanúnach.

Níos tábhachtaí fós, mhéadaigh an t-aonad soláthair a sheisiúin oiliúna buail isteach agus a chumarsáid ríomhphoist chuig foireann BOOMSL tar éis P2P, chun feasacht, freagracht a mhéadú agus mar sin comhlíonadh a mhéadú. Tacaíonn forbairt intí bhreise ar na catalóga atá ar fáil don fhoireann a úsáideann P2P leis seo freisin.

Leanann an tAonad Soláthair de Chlár na gConarthaí a bhainistiú agus foilsítear é i bhfoirmeacha éagsúla don fhoireann agus don phobal araon ar shuíomh Gréasáin BOOMSL (poiblí) agus ar láithreáin ghréasáin SCORE (foireann). Chun pleanáil straitéiseach a éascú do réitigh náisiúnta soláthair san earnáil amach anseo, chríochnaigh agus chuir BOOMSL an Plean Soláthair Ilbhliantúil (PSI) do 2023 i gcrích agus chuir sé isteach é de réir ár bPlean Soláthair Corparáideach nuashonraithe.

4.3.6 Tionscadail Chaipitil, Oibreacha Tógála agus Bainistíocht Eastáit

An tAonad Foirgníochta agus Caipitil

Riarann an tAonad Foirgníochta soláthar, bainistíocht agus cur i gcrích na dtionscadal foirgníochta ar fad ar fud na heagraíochta. Ba bhliain thar a bheith gnóthach í 2023 agus líon ollmhór tionscadal Scoile agus Breisoideachais & Oiliúna á riaradh tríd an Aonad.

Caipiteal Cóiríochta Scoile & Tionscadail Mionoibre

Tá tionscadail bhreise chóiríochta scoile ag dul ar aghaidh i gColáiste Bhéal Átha an Fhóid, Iarbhunscoil na Gráinsí, Coláiste na Maighne, Gairmscoil Charraig Álainn, Gairmscoil Dhroim Seanbhó, Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid, Coláiste Naomh Tiarnán, Coláiste Naomh Breandán, Coláiste Pobail Naomh Seosamh, Coláiste Davitt, Iarbhunscoil Chúil, Coláiste Pobail Acla, Coláiste Iascaigh agus Coláiste Pobail Mhathla. Tá an tionscadal cóiríochta scoile breise do Choláiste Davitt á sholáthar faoi Chlár Athchumraithe RSO agus Cóiríocht Mhodúlach na Roinne Oideachais agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2024.

Tá tuilleadh tograí sealadacha breise cóiríochta tugtha do Ghairmscoil Charraig Álainn agus do Choláiste Loch Aillionn. Tá tionscadal um chóiríocht shealadach Ghairmscoil Dhroim Seanbhó seachadta.

Tá iarratais ar chóiríocht shealadach curtha isteach le haghaidh Iar-bhunscoil na Gráinsí, Coláiste Iascaigh, Coláiste Pobail Naomh Seosamh, Coláiste Bhaile an Fhóid, Coláiste Chomáin, Ros Dumhach agus Coláiste an Chorráin chun freastal ar na rolluithe agus na rolluithe méadaithe le riachtanais speisialta oideachais.

Tá tionscadail Scéim Oibreacha Samhraidh ag dul ar aghaidh i gColáiste Iascaigh agus Coláiste Phádraig. Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscadail Oibreacha Éigeandála, agus rinneadh agus faomhadh iarratais do Choláiste Davitt, Pobalscoil Mhaothla, Iarbhunscoil Chúil, Coláiste Pobail Acla, Coláiste Phádraig, Iar-bhunscoil na Gráinsí, Coláiste na Maighne, agus Gairmscoil Charraig Álainn. Tá iarratais bhreise ar Scéim Oibreacha Éigeandála curtha isteach le haghaidh Coláiste Naomh Breandán, Coláiste Pobal Acla, Coláiste Chorráin agus Coláiste Pobail Naomh Seosamh.

Tionscadail Caipitil & Mionoibreacha Breisoideachais & Oiliúna (BO)

I measc na dtionscadal Cóiríochta Breise BO bhí ceannach agus suiteáil tionscadal cóiríochta modúlach do Choláiste Breisoideachais Shligigh, seachadadh go rathúil an tionscadal seo i mí Lúnasa 2023 sular cuireadh tús arís leis an mbliain acadúil 2023/24

Cuireadh Tuarascáil Measúnaithe Straitéiseach do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo don Todhchaí faoi bhráid Solas/ An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in 2022, Bhí an aighneacht seo mar an chéad chéim sa phróiseas iarratais chuig Ciste na Mórthionscadal do Cholaiste na Todhchaí de chuid Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna. Rinne Solas agus RBATNE measúnú ar ár togra maidir le Tuarascáil Measúnaithe Straitéiseach ('TMS') le haghaidh Coláiste BO na Todhchaí Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh agus tugadh cuireadh dúinn Réamhchás Gnó do Choláiste na Todhchaí Mhaigh Eo a chur isteach de réir cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí, ba cheistiú dian é an Réamhchás Gnó ar na tosca a theastaíonn chun bogadh trí Gheata Cinnidh 1 i saolré thionscadal an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Cuireadh an Réamhchás Gnó faoi bhráid Solas/RBATNE faoin spriocdháta, an 12 Eanáir 2024.

Cheadaigh Solas/RBATNE dhá thionscadal Ciste Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh d'Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Liatroma ar Champas Mhaothla agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shligigh, Foirgneamh Shráid na Céibhe, Sligeach. Is éard atá i dtionscadal Campas Mhaothla athfhorbairt ar an tSean-Ghairmscoil i Maothail, agus tá athchóiriú ar fhoirgneamh reatha Shráid na Céibhe mar chuid de thionscadal Shligigh.

Faoi Scéim Deontais Oibreacha Caipitiúla Solas 2022, fuair BOOMSL faomhadh chun oibreacha athchóirithe a chur i gcrích chun Ionad Sármhaitheasa Oiliúna NZEB (Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh de) agus 2 Ceardlann Oiliúna Leictreachais a sholáthar i gCúil Mhuine, Co. Shligigh.

Tá mionoibreacha tógála agus tionscadail oibreacha éigeandála ar siúl ar fud Stoc Foirgníochta BO, lena n-áirítear Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla, Ionaid Oiliúna Shligigh agus Bhéal an Átha, Ionad BO Choillte Mach, Ionad BO Bhéal an Átha.

Róil & Freagrachtaí Bainistíochta Eastát

Maidir le bainistiú eastáit, leanann obair ar aghaidh chun Comhaontuithe Léasanna agus Ceadúnais a bhunú agus a athnuachan. Coinníonn an tAonad Foirgníochta an Clár Maoine

cothrom le dáta agus cuireann sé nuashonruithe rialta faoi bhráid na Roinne ar eastát BOOMSL.

Tionscadail oibreacha caipitil a sheachadadh ar Scoileanna nach BOO iad

Tá sé de chúram ar BOOMSL freisin oibreacha agus tionscadail chaipitil a sholáthar do scoileanna lasmuigh dá shainchúram. Tá BOOMSL i mbun maoirsithe faoi láthair ar thionscadail nua cóiríochta scoile do Ghaelscoil Chluainín, Manorhamilton agus Scoil Náisiúnta na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart, Maigh Eo. Tá BOOMSL freagrach as na tionscadail seo a sheachadadh ina n-iomláine.

Gníomhú ar son na hAeráide - Dul Chun Cinn 2023

In 2023, léirigh MSLETB dul chun cinn suntasach ina thionscnaimh um ghníomhaíocht aeráide, ag ailíniú le cuspóirí straitéiseacha chun inbhuanaitheacht a fheabhsú agus chun astaíochtaí carbóin a laghdú ar fud oibríochtaí.

Foirgnimh agus Éifeachtúlacht Fuinnimh: Chríochnaigh BOOMSL deich nIníúchadh Fuinnimh SI 426 ag díriú ar fhoirgnimh leis na hastuithe carbóin is airde. Tar éis na n-iníúchtaí seo, cuireadh isteach iarratais ar mhaoiniú chun na háiseanna seo a uasghrádú, agus breithníodh pleananna oibre chun ullmhacht do dheiseanna maoinithe amach anseo a chinntiú. Ina theannta sin, chuimsigh gach athchóiriú foirgnimh atá ann faoi láthair agus a rinneadh le déanaí córais téimh inbhuanaithe. Léirigh BOOMSL suim freisin i gclár Pathfinder Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), a dhírigh ar aisfheistithe agus réitigh teasa in-athnuaite

Soláthar: Tugadh tús áite do chleachtais soláthair ghlasa, ag cur béime ar laghdú dramhaíola i gcláracha béilí scoile, ar oideachas bainistíochta dramhaíola a fheabhsú, agus ar phacáistíocht agus ar astaíochtaí carbóin i seachadtaí a íoslaghdú. Léiríonn na tionscnaimh seo tiomantas BOOMSL do phróisis soláthair atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Tionscnaimh TFC: Chuir BOOMSL roinnt beart TFC i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Tugadh isteach socruithe coigilte cumhachta ar fud na bhfeistí go léir, agus glacadh le straitéis aonfheiste don fhoireann riaracháin. Laghdaigh imscaradh Seirbhíse Priortála Bainistithe líon na ngléasanna agus an úsáid fuinnimh. Laghdaigh aistriú chuig láithreáin gan fhreastalaí agus straitéis dhigiteach den chéad uair an tomhaltas fuinnimh a thuilleadh, rud a léirigh tiomantas BOOMSL do theicneolaíocht a ghíaráil ar mhaithe le hinbhuanaitheacht.

Feachtais Oideachais: Bhí leathnú thionscnamh na Scoileanna Glasa ina phríomhfhócas, ag cur comhfhios comhshaoil chun cinn i measc scoláirí agus foirne. Seoladh feachtais oideachais chun feasacht a mhéadú ar chaomhnú fuinnimh, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar laghdú lorg carbóin. Tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo cultúr inbhuanaitheachta a chothú laistigh den phobal oideachais.

Ceannaireacht agus Rialachas: Bunaíodh spriocanna soiléire laghdaithe astaíochtaí, tacaithe ag córais tomhais agus tuairiscithe déine. Ceapadh Oifigeach Feabhsúcháin Foirgnimh agus

Fuinnimh chun maoirseacht a dhéanamh ar iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh, rud a léiríonn tiomantas BOOMSL do rialachas cuntasach agus trédhearcach. Le bunú Foirne Glasa ar fud na heagraíochta cuirtear chun cinn tuilleadh tionscnaimh maidir le gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil, rud a spreagann rannpháirtíocht an phobail in iarrachtaí inbhuanaitheachta.

Feabhsuithe Oibriúcháin: Lean BOOMSL ar aghaidh ag cur na scéime rothar chun na hoibre chun cinn, ag suiteáil stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha (EV) ag ionaid oiliúna, ag treisiú tiomantas na heagraíochta chun astuithe a bhaineann le hiompar a laghdú.

Go hachomair, léiríonn tionscnaimh BOOMSL 2023 cur chuige cuimsitheach i leith na hinbhuanaitheachta, a chuimsíonn éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar glas, dul chun cinn teicneolaíochta, feachtais oideachais, agus feabhsuithe oibríochtúla. Leagann na hiarrachtaí seo béim ar thiomantas na heagraíochta chun a spriocanna um ghníomhaíocht aeráide a bhaint amach i gcomhar le comhpháirtithe maoinithe agus páirtithe leasmhara.

4.3.7 Riarachán Sláinte & Sábháilteachta

I mí Iúil 2023, d'fhostaigh BOOMSL Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta lánaimseartha, ag tabhairt isteach ról nua don eagraíocht. Tá siad ag díriú i dtosach ar gach áitreabh san ionad oibre agus ag cinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Chuige sin díríodh ar an gcáipéisíocht sábháilteachta ábhartha agus chuí a theastaíonn mar aon leis an oiliúint sábháilteachta is gá a oireann don tasc.

Leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh ag déanamh a díchill chun tionóiscí agus teagmhais a laghdú trí imscrúduithe iomlána leanúnacha agus cur i bhfeidhm bearta rialaithe cinnte agus éifeachtacha.

Leanann comhlachtaí reachtúla, mar atá, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ag iniúchadh ár n-ionaid oibre agus ag eisiúint a dtuarascálacha, agus déanann an eagraíocht na bearta leasúcháin cuí, de réir mar is gá, i ngach cás.

4.3.8 Árachas agus Flít Iompair

Lean roinn na Seirbhísí Corparáideacha de chomhairle a chur ar an bhfoireann ar fud an BOO maidir le ceanglais árachais agus saincheisteanna dlí a thagann chun cinn. Oibríonn ár n-aonad árachais freisin le Seirbhísí Innealtóireachta na hÉireann chun cigireacht reachtúil ar scoileanna a éascú.

4.4 Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Roinn Acmhainní Daonna raon iomlán seirbhísí d'fhoireann BOOMSL agus tacaíonn sí freisin le Bainisteoirí i gColáistí/Ionaid. Tá an méid seo a leanas i measc na seirbhísí freisin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Earcaíocht (Bainistíocht, Teagasc, Treoir, Cúntóir Riachtanas Speisialta, Riarachán, Cothabháil agus poist eile) do gach post laistigh den eagraíocht.
- Bainistíocht conarthaí do gach catagóir foirne, téarmaí agus coinníollacha ceapacháin, rolladh amach agus cur i bhfeidhm comhaontuithe náisiúnta srl.

- Ríomhanna scoir agus aoisliúntais do gach fostaí, meastacháin a sholáthar, iarratais ar scor drochshláinte a phróiseáil, riachtanais na scéime pinsin a riaradh.
- Leithdháileadh Múinteora don scéim.
- Cúrsaí caidrimh le fostaíthe lena n-áirítear caidreamh oibre táirgiúla a choinneáil leis na príomhchumann ceardaíochta san earnáil, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus d'fhostaíthe agus iad ag déileáil le saincheisteanna caidrimh san ionad oibre.

In 2023 chonacthas leibhéal ard gníomhaíochta sa Roinn Acmhainní Daonna, inar cuimsíodh an méid seo a leanas:

4.4.1 Earcaíocht

In 2023 rinneadh earcaíocht shuntasach ar fud na dtrí cholún, Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Reáchtáil BOOMSL níos mó ná 350 comórtas earcaíochta in 2023, rinne an Roinn Acmhainní Daonna breis agus 1,900 iarratas ar phost a phróiseáil. D'éirigh leis an Rannóg Acmhainní Daonna gach earcaíocht a sheachadadh go cianda ag baint úsáide as ardán Microsoft Teams.

4.4.2 An Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas ('TFO')

Tá an tionscadal tiontaithe TFO ag druidim chun críche anois, leanadh den obair ar Chéim III den tionscadal seo in 2023. Tháinig an tionscadal seo chun cinn mar thoradh ar chomhaontú náisiúnta a rinneadh idir an Roinn Oideachais agus Aontas Múinteoirí Éireann a ligeann do thiontú teagascóirí sa chlár Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO) i ngach BOO ar fud na tíre, de réir critéar socraithe.

4.4.3 Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

- Bhuaigh an Cuibhreannas Printíseachta Díolacháin Gradam Ceannaireachta Eisceachtúil 2023 ag Gradaim Réigiúnacha Scileanna an Iarthair. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar an méid a chuir siad le forbairt scileanna a bhaineann leis an tionscal i réigiún an Iarthair. Ina theannta sin, bhuaigh an clár Printíseachta díolacháin Gradam

Sármhaitheasa san Ionad Oibre 2023 i réimse Tionscnamh Oiliúna Céimithe agus Printíseachtaí na Bliana. Ba mhór an éacht é seo, ag cur san áireamh go raibh iomaíocht ag MSLETB ó cheithre chuideachta shuntasacha - Dawn Meats, Applegreen, Cairn Homes Plc agus Boston Scientific.

- In 2023, bhí BOOMSL fós tiomanta don nuálaíocht, mar is léir ón mbaint a bhí aige le printíseachtaí Generation nua atá ag teacht chun cinn a fhorbairt i margaíocht dhigiteach agus sna meáin chumarsáide, agus i dteicneolaíocht thumoideachais. Tá na cláir seo réidh chun na scileanna atá de dhíth ar earnálacha atá ag forbairt go tapa a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, ag cur le fórsa saothair ardoilte.

9.3 Cúrsaí Oiliúna

- In 2023, lean ár soláthar oiliúna in BOOMSL ar aghaidh ag cur ar chumas foghlaimeoirí na scileanna agus an t-eolas a fháil chun tús a chur lena ngairmeacha beatha i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear Gruagaireacht Ban agus Fear, Teiripe Scéimhe, Táthú agus Déantúsaíocht, Oiliúint i mBainisteoir Eachaíochta, Tiomántóir Gairmiúil HGV, Teagascóir & Cúrsa Oiliúna Garda Tarrthála Trá, Fáilteachas agus Forbairt Bogearraí.

9.4 Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

- Aistríodh soláthar SDOG i gContae Mhaigh Eo go Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo in Aibreán 2022. Mar thoradh air seo, tháinig 6 ionad SDOG ina Mol do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo. Lean Maigh Eo ar aghaidh ag dul ó neart go neart ag tairiscint cláir i TF agus Scileanna Gnó (Leibhéal 5), Scileanna Ríomhaireachta agus Oifige (Leibhéal 4), Treoraithe Camchuartha Náisiúnta (Leibhéal 6 Cuspóir Speisialta), Cultúr agus Oidhreacht (Leibhéal 5), Turasóireacht le Gnó. (Leibhéal 5) chun cúpla ceann a ainmniú.
- In 2023, lean SDOG Shligigh ar aghaidh ag soláthar cláir lánaimseartha i bhForbairt Scileanna Béarla le Ríomhairí, Staidéar Sóisialta & Cultúir le Scileanna TF Bliain 2, Staidéar Sóisialta, Turasóireacht & Cultúr, Úsáid Ríomhairí san Ionad Oibre (Sraith Microsoft Office) agus Staidéir Ghinearálta SDOGSna hEolaíochtaí Sláinte (Leibhéal 4).
- Ar thairiscintí SDOG Dhroim Seanbhó 2023 bhí Gnó & TF le Párolla agus Leabharchoimeád (Leibhéal 5), Riarachán Gnó (Leibhéal 5), Sláinte, Cothú agus Eolaíocht Bhia (Leibhéal 5), Turasóireacht le Gnó (Leibhéal 5) agus Ceol Traidisiúnta na hÉireann (Leibhéal 5).

9.5 An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO)

- In 2023, lean an TFO ar aghaidh ag cur cúrsaí páirtaimseartha BO ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, ba é an tosaíocht a bhí ag TFO ná leanúint ar aghaidh ag díriú ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí a mbíonn bacainní sonracha agus géara orthu roimh rannpháirtíocht san oideachas agus cúrsaí a sheachadadh a laghdaíonn/a sháraíonn na bacainní sin. In 2023, lean cláir TFO in BOOMSL ar aghaidh ag cur cúrsaí ar éileamh ar fáil thar raon réimsí lena n-áirítear cúram sláinte, cúram leanaí, scileanna digiteacha, fáilteachas, seirbhís do chustaiméirí chun roinnt a lua.
- D'oibrigh TFO Theas Mhaigh Eo le cistí BOOMSL i gcomhpháirtíocht le Scuid Ealaíona Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, a thairg roinnt comhpháirteanna Ealaíne Leibhéal 5

dá rannpháirtíocht sa scéim Oideachais Pobail. Taispeánadh saothair chruthaitheacha na rannpháirtithe do Lá Mhaigh Eo.

- Is earnáil fostaíochta thar a bheith tábhachtach í fócas ar staidéir turasóireachta d'iarrrthóirí atá ag lorg deiseanna oibre go háitiúil i gCo. Mhaigh Eo. Tá modúil a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Leibhéal 4 curtha ar fáil againn in 2023 a mheall fostaithe fáiltithe íseal-scileanna le fostóirí fáilteachais áitiúla chomh maith le rannpháirtithe san Oideachas Pobail agus daoine eile atá ag athoiliúint le haghaidh fostaíochta san earnáil seo. Tairgeadh Scileanna TF Leibhéal 4 in éineacht le “Feasacht ar Chuairteoirí Turasóireachta” chun an pacáiste a dhéanamh an-ábhartha don earnáil turasóireachta áitiúil. Chuir an t-ábhar suimiúil seo le heolas na n-iarrrthóirí ar na nithe is díol spéise do chuairteoirí agus na háiseanna is díol spéise do chuairteoirí i gCo. Mhaigh Eo. I mí na Nollag 2023 rinne Benjamin ó thionscadal Geopark “Joyce Country & Western Lakes”, atá lonnaithe i dTuar Mhic Éadaigh, cur i láthair suimiúil do rannpháirtithe an chúrsa ar gheolaíocht agus ar fhoirmiú carraige i gCo. Mhaigh Eo agus an poitínseal chun luach breise a chur leis an táirge turasóireachta go háitiúil trí é seo a chur chun cinn do chuairteoirí.

9.6 Bunoidreachas d'Aosaigh/ Foghlaim do Theaghlach/ Litearthacht agus Uimhearthacht d'Aosaigh

- In 2023, d'éirigh le BOOMSL cúrsaí agus seirbhísí ESOL nó Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile, a sholáthar do níos mó ná 4,139 náisiúnach de chuid na hÚcráine, larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Oibrithe Imirceacha rud atá ina éacht suntasach gan aon dabht. Chuir BOOMSL Béarla ar fáil do chainteoirí Teangacha Eile ó Leibhéil 1-6 de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.
- In 2023, d'fhreastail breis agus 1,859 foghlaimoir ar chlár Litearthachta d'Aosaigh.
- Leathnaigh BOOMSL Foghlaim Teaghlach thar chúig ionad Litearthachta agus Bunoidreachais. In 2023, dhíríomar ar chúrsa píolótach 8-seachtaine a fhorbairt chun tacú le tuismitheoirí cuidiú lena bpáistí bunscoile lena n-obair bhaile matamaitice agus táimid ag reáchtáil uimhearthacht do lapadán agus tacaíocht obair bhaile matamaitice sna leabharlanna.
- Faoi Straitéis 10- mbliana um Litearthacht don Saol do Dhaoine Fásta, cheap BOOMSL Comhordaitheoir Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh a mbaineann a chuid oibre le rolladh amach na straitéise ar fud BOOMSL agus tógáil ar an tseirbhís atá ann cheana agus ag an am céanna comhghrúpaí réamhghníomhacha a bhunú a chinntíonn go dtéitear i gcomhairle le gach páirtí leasmhar, le guthanna foghlaimoirí, leis an bpobal agus le fostóirí maidir le riachtanais ár réigiúin. In 2023, tá Comhghrúpa Réigiúnach Litearthachta bunaithe againn agus bhíomar páirteach i roinnt tionscadal.
- Comhoibriú idir Leabharlanna agus BOOMSL chun seisiúin buail isteach litearthachta digiteacha a chruthú i spásanna leabharlainne. Eispéireas an-dearfach a bhí sa Chlár um Litearthacht Dhigiteach i leabharlann Liatroma do gach duine a bhí páirteach; foireann na leabharlainne, na teagascóirí agus ar ndóigh na daoine a bhain leas as an tseirbhís. Bhí éileamh mór ar an tionscnamh agus cuireadh 778 seisiún duine le duine ar fáil thar 22 seachtain i sé cinn dár leabharlanna brainse. Ghlac go leor foghlaimoirí a bhí páirteach sa chlár seo le tacaíocht litearthachta dá bharr. Ainmníodh an tionscadal seo do ghradam AONTAS.

- Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm i Sligeach agus Maigh Eo. Tá Leabharlann Mhaigh Eo ag obair faoi láthair ar an tionscadal seo darb ainm Digital DIY for ALL.
- Oiliúint Feasachta Litearthachta do CHÁCH - rolladh amach oiliúint do pháirtithe leasmhara i mBealtaine 2023.
- Faoi Chuimsiú, bhíomar i dteagmháil le Down Syndrome Ireland agus tá sé beartaithe againn Teastas Iomlán DCCÉ sa Drámaíocht agus Forbairt Phearsanta ag Leibhéal 1 & 2 a rith.
- Cheap BOOMSL Comhordaitheoir Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí (CTF) a thógfaidh ar thacaíochtaí foghlama a chur i bhfeidhm ar fud BOOMSL. In 2023, d'fhéach an CRF ar na réimsí seo a leanas:
 - Anailís Riachtanas a dhéanamh ar fud ionaid BOOMSL BO.
 - Moil Foghlama (píolótach) – 3 Maigh Eo, 2 Liatroim, 1 Sligeach – aiseolas agus athbhreithniú deireadh mhí an Mheithimh
 - Oiliúint Woodcock Johnson le haghaidh socrúithe réasúnta i Scrúduithe agus socrúcháin ar an leibhéal agus ar an gclár ceart
 - Cuireadh oiliúint ar Fheasacht Litearthachta agus sainoiliúint ar fáil.
- I measc na dtionscadal comhoibrithe bhí:
 - Forbairt ar uirlis um Buntáistí Níos Leithne Foghlama le 8 BOO
 - Cairt Náisiúnta UDL (Dearadh Uilechoiteann don Fhoghlaim) don Oideachas Treasach
 - UDL Réigiúnach don Oideachas Treasach
 - Ball den Ghrúpa Oibre Náisiúnta Tacaíochta do Phrintísigh
 - Tacaíocht Foghlama do Thuismitheoirí - acmhainní a fhorbairt go náisiúnta sa mhatamaitic.
 - Seimineár Gréasáin & físeán Feasachta ar Fheasacht Litearthachta a ullmhú do Ghníomhaireachtaí agus d'fhoireann BOOMSL
 - Dearbhú Cáilíochta BOOMSL - Eolas faoi Thacaíocht Foghlama maidir le Cláir Chumaisc & Ar Líne.
 - Béarla Soiléir – inrochtaineacht láithreáin ghréasáin – faisnéis tacaíochta a thiomsú don suíomh Gréasáin
 - Aitheantas do Réamhfhoghlaim
 - CUBBIEs- spás staidéir d'fhoghlaimeoirí ar an speictream
- I mí na Samhna 2023, tháinig duine dár bhfoghlaimeoirí litearthachta chun bheith ina bhall den Ghrúpa Comhairleach Míchumais a raibh AHEAD agus USI ina cathaoirleach air. Tá an grúpa níos éagsúla ná riamh le hionadaithe ó cheann ceann na tíre, ó aoisghrúpaí éagsúla, agus ó 12 institiúid oideachais.
- In 2023, ghlac foireann Litearthachta Aosaigh agus ESOL páirt i gcláir Erasmus san Iorua, san Fhionlainn agus san Iodáil agus tá líonraí curtha le chéile acu. Ghlac breis agus 70 teagascóir BOOMSL um Litearthacht Aosach agus ESOL páirt freisin i Siompóisiam Trasscileanna trí lá 'Cruinniu' a dhírigh ar Thrasscileanna, Cuimsiú agus Dea - Chleachtas sa Litearthacht Aosach.

9.7 Oideachas Pobail

- In 2023, leithdháil BOOMSL €246,000 i nDeontais Pobail idir Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim. Áiríodh leis na Deontais Pobail teagmháil a dhéanamh le grúpaí imirceach, tacú le moil dhigiteacha, grúpaí Scoir Ghníomhach agus grúpaí fear.

9.8 Ionaid Oiliúna Pobail um Ógtheagmháil

- Ógtheagmháil Liatroma – Taispeántas Ealaíne d’Fhoghlaimeoirí. Taispeántas saothar ealaíne ag 15 mac léinn Ógtheagmhála Liatroma sa Duga, Cora Droma Rúisc idir 3 Feabhra agus 31 Márta. Léirigh an taispeántas saothair dhigiteacha agus ghrianghrafadóireachta a chruthaigh na mic léinn mar chuid den tionscadal Envision. Threoraigh gach ealaíontóir an téama agus an teicníocht chun freastal ar a bhfís aonair. I measc cuid de na teicníochtaí a úsáideadh bhí líníocht dhigiteach, nochtadh fada, nochtadh cumaiscthe, agus cnuasach digiteach/fisiciúil.
- Bronnadh gradam Ógtheagmhála ar Fhoghlaimeoir Liatroma as na torthaí is airde sa réigiún. Bhí an mac léinn ag dul ar aghaidh chuig staidéar Iar-Ardteistiméireachtasan Innealtóireacht le Coláiste Breisoideachais Shligigh.
- Bhí dalta Ardteistiméireachta Feidhmí (AF) amháin ag an Ógtheagmháil Bhaile an Róba in 2023 ar bronnadh Trófaí Fergal Quinn uirthi tar éis di 100% a bhaint amach ina AF.
- Bhí imeacht ag Ógtheagmháil Choillte Mach “The Mural Experience”. Sheol Maria Walsh FPE Múrphictiúr Dearfach Meabhairshláinte go hoifigiúil ag ionchorprú lá oscailte le baill den phobal áitiúil, gnólachtaí áitiúla, agus tuismitheoirí i láthair.
- D’fhreastail foghlaimeoirí Ógtheagmháil Shligigh agus baill foirne ar chomhdháil mheabhairshláinte i gcomhar leis an ngrúpa tacaíochta don lucht siúil.
- Ghlac Oiliúnaí Ionad Oiliúna Pobail Liatroma páirt sa Chomórtas Cócaire Baile Sláintiúil Uile-Oileáin.

9.9 Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (TOÁanna)

- Thug Scoil Cócaireachta Mhainistir Mhaigh Eo cuairt ar Chaisleán Cheapach Corcóige agus ar an Lóiste i gCaisleán Cheapach Corcóige chun an tábhacht a bhaineann le cúram custaiméirí laistigh den tionscal a thaispeáint do na mic léinn agus chun na cistineacha a chur ar taispeáint.
- Tá ocht TOÁ i bhfeidhm anois ag BOOMSL i gcontaetha Mhaigh Eo agus Liatroma; cuireadh deireadh leis an TOÁ amháin a bhí fágtha i Sligeach in 2023.
- In 2023, chuir BOOMSL torthaí an athbhreithnithe earnála a rinneadh in 2022 i bhfeidhm agus a chuideoidh lenár soláthar cúrsaí a choinneáil ar na caighdeáin oideachais agus rialachais is airde.

9.10 Scileanna chun Dul Chun Cinn/ Scileanna don Obair

- Chuir BOOMSL tús le cúrsaí trína Lárionad Sármhaitheasa NZEB i gCúil Mhuine, Sligeach. Dírionn an t-ionad nua seo ar mhúineadh modhanna Tógála Fuinnimh Beagnach Nialasach agus scileanna iarfheistithe don earnáil tógála.
- Tá an tionscnamh “One More Job” a sheol an tAire Simon Harris TD i Sligeach dírithe ar thacú le mhicreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga in Éirinn trí oiliúint shaincheaptha agus cúnamh airgeadais a sholáthar dóibh siúd a fhostaíonn printísigh. Forbraíodh an tionscnamh i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le comhpháirtithe printíseachta, lena n-áirítear BOOMSL, agus cuireann an tionscnamh tacaíochtaí éagsúla ar fáil ar nós clár Cleachtais Meantóireachta ar líne d’fhostóirí atá ag ullmhú chun printísigh a oiliúint. D’fhorbair triúr cleachtóirí BOO BOOMSL an clár seo. Ceapadh an tionscnamh chun níos mó gnólachtaí a spreagadh chun dul i mbun printíseachtaí agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt oibrithe oilte.

- Fuair BOOMSL maoiniú trí Ghlaio ar Thograí SOLAS “Scileanna chun Cinn: Nuálaíocht trí Chomhoibriú” in 2021 chun sraith de micrea-cháilíochtaí a fhorbairt a dhíreoidh ar an Theicneolaíocht Thumthach. Cuimsíonn na cáilíochtaí seo oiliúint agus acmhainní atá saincheaptha don earnáil fuinnimh gaoithe in-athnuaite, ag baint leasa as uirlisí foghlama tumoideachais a fheabhsaítear le teicneolaíocht. Bailíochtaíodh an mhicrea-cháilíocht tosaigh in 2023 agus tá sé sceidealta le seachadadh don tionscal i R1 2024. Táthar ag súil le bailíochtú don dara micrea-cháilíocht sa ráithe chéanna, agus tá sé beartaithe é a sheoladh do R2 de 2024.

9.11 Music Generation

- I mí Mheán Fómhair 2023, chomhordaigh Music Generation Shligigh Oíche Chultúir Shligigh 2023. Sheas Music Generation Shligigh siar san am agus thum siad Sligeach i dturas ceoil dodhearmadta ag fothracha meánaoiseacha Mhainistir Shligigh d'Oíche Chultúir 2023. Lión ceoltóirí óga áitiúla an t-aer le himeacht iontach chun Oíche Chultúir Shligigh 2023 a chomóradh. Arna eagrú ag Music Generation Shligigh bhí *'Live at the Abbey'* ina oíche aoibhinn ceoil, ina dtaispeánadh tallann dochreidte na dtaibheoirí óga ó Guthanna Óige Shligigh, ensemble Cláirseach Music Generation Shligigh, agus inar cuireadh gníomhartha agus bannaí ceoil aonair Music Generation Shligigh i mbéal an phobail. Ba é seo an chéad cheolchoirm riamh a cuireadh ar siúl i Mainistir Shligigh, suíomh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ón 13ú haois i gcroílár bhaile Shligigh a bhí le feiceáil sna nuachtáin náisiúnta.
- I mí an Mheithimh 2023 reáchtáil Music Generation a léiriú scoile is mó riamh 'Ceolchoirm Cheiliúrtha na Scoileanna' a bhí ina cheiliúradh ar rogha taibheoirí ónár gclár oideachais ceoil léirithe *'Ceol a aimsiú agus a sheinm'*. Sheinn breis agus 520 ceoltóir óg le chéile ar an lá in Airéine Chnoc na Riabh i Sligeach. Tháinig os cionn 900 chun an ócáid dheireadh bliana seo a cheiliúradh.
- D'éirigh go han-mhaith le Fret Frenzy de chuid Music Generation Mhaigh Eo chun dul i dteagmháil le déagóirí i gCaisleán an Bharraigh agus an ceantar máguaird. Mar thoradh ar ghlaioch nua ar scoileanna do chlár 23/24 tá freagraí ó 59 scoil (56 Bunscoil agus 3 Mheánscoil.) Táimid ag plé le Meánscoileanna breise tríd an gCroílár. Is léiriú iad na huimhreacha seo ar an rath a bhí ar ár dá chlár do bhunscoileanna, Céilí Ukulele agus ár gclár nua luathbhlianta Ceol na nÓg. Tá inbhuanaitheacht den scoth ag Ceol na nÓg mar gheall ar an gcóras táillí nua a cuireadh i bhfeidhm.
- Thaistil Ensemble Cláirsí Music Generation Mhaigh Eo go Féile Idirnáisiúnta Cruite Dhún Éideann le Comharghrúpa Cláirsí Music Generation.
- Chuir Ensemble Óige nua tús le cleachtaí sa Chaifé Óige i i nDroim Seanbhó agus bhí sé ar stáitse ag seoladh na Comhpháirtíochta Cruthaithí Óige Áitiúla.
- Bhí ceardlann ag Cruinniú na nÓg – Drumadóireacht Buicéid do leanaí 10 – 17- bliain d'aois in Amharclann an Oileáin, Béal an Átha Móir. Bhí Sound Explorers, tionscadal cumadóireachta agus tobchumtha i gcomhpháirtíocht leis an leabharlann i gCora Droma Rúisc agus tionscadal ukulele i gcomhpháirtíocht leis an leabharlann i Maothail ar siúl freisin.

9.12 Ionaid Oideachais Allamuigh

- Rinne Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla tionscadal i gcomhar leis an meánscoil áitiúil, Coláiste Pobail Acla agus maoiniú Sláintecare Healthy Communities

in 2023. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo folláine na ndaoine óga a chur chun cinn trí cheangal, leis an gcomhshaol nádúrtha agus le daoine eile. Bhí sé mar aidhm aige seo iarracht a dhéanamh chun nasc inmheánach a chothú ionainn féin trí chomhnascadh leis an timpeallachta nádúrtha. Bhí súil ag an gclár freisin acmhainn a chur ar fáil a thacaíonn leis an duine óg amach anseo.

- In 2023, chuir Oideachas Allamuigh Acla “*Cosáin Acla*” ar fáil, sraith siúlóidí pobalbhunaithe a dhírigh ar fholláine sa dúlra a reáchtáladh i gcomhar le Sláintecare.

9.13 Cúrsaí oíche agus ranganna oíche féinmhaoinithe

- In 2023, bhain BOOMSL dul chun cinn suntasach amach maidir le tairiscintí cúrsa a leathnú chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí. In 2023 chuir BOOMSL oiliúint tráthnóna ar fáil do 984 foghlaimeoir. Dhíríomar ar uas-sciliú a thabhairt do dhaoine aonair i bhfostaíocht agus athsciliú a thabhairt do dhaoine atá ag athrú gairm bheatha chomh maith le cúrsaí a sholáthar dóibh siúd atá ag iarraidh dul isteach san fhórsa saothair, ag cinntiú oiliúint ábhartha do chách. Trí mheasúnú riachtanas leanúnach, déanaimid clár a shaincheapadh chun freastal go héifeachtach ar ár bpobal áitiúil. Tá ár dtiomantas don oideachas fós gan staonadh agus muid ag iarraidh daoine aonair a chumasú agus athrú dearfach a chur chun cinn leis an bhfoghlaime.
- Tá an-éileamh i gcónaí ar chúrsa an Teastais Ghlais i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo le breis agus 200 mac léinn páirtaimseartha.

9.14 Obair Óige

- Lean BOOMSL ar aghaidh lena feidhm reachtúil um obair don ógra a chomhlíonadh chun tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg. Is é an príomh-chomhpháirtí beartais agus maoinithe ina leith seo ná Aonad Gnóthaí Óige na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige.
- In 2023, thacaigh BOOMSL le grúpaí óige a bhí faoi cheannas oibrithe deonacha agus a bhí á bhfeidhmiú tríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla.
- Thacaigh an Scéim Caipitil don Aos Óg le mionoibreacha agus le trealamh do thionscadail óige faoi stiúir na foirne.
- Cuireadh raon leathan de thionscadail ghairmiúla óige i bhfeidhm faoi línte maoinithe UBU Your Place Your Space, an tIonad Faisnéise don Óige agus Tascfhórsa Réigiúnach an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí agus Alcóil. Soláthraíonn na tionscadail seo tacaíochtaí spriocdhírithe go príomha do chohóirt imeallaithe daoine óga.
- In 2023 freisin cuireadh an Ciste Imeasctha i bhfeidhm, a thacaigh le soláthar tacaíochtaí oibre don aos óg do dhaoine óga na hÚcráine ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

9.15 Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach:

- Bhí áthas ar an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach tacaíocht a thabhairt do go leor tionscadal cruthaitheach arís ó gach cearn de Mhaigh Eo, Sligeach agus Liatroim i mbliana. D'éirigh go han-mhaith linn lenár seoladh oifigiúil ar ár bPlean Straitéiseach trí bliana i mí an Mhárta, áit a bhfuaireamar an deis cuid den obair chruthaitheach agus nuálaíoch iontach atá déanta ag daoine óga ó gach cearn de na trí chontae a léiriú. I measc na dtionscadal sin bhí teicstílí, puipéadóireacht, damhsa, scannánaíocht, éicealaín, gal, beochan, téatar, ealaín sráide. Bhí sé de phribhléid ag an gComhpháirtíocht

Áitiúil Óige Chruthaitheach a bheith in ann tacú leis an oiread sin daoine óga ar fud an réigiúin seo chun a gcumas cruthaitheach a fhiosrú, go leor acu atá ag maireachtáil faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta. Táimid an-bhródúil a bheith rannpháirteach agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga ina n-eispéiris chruthaitheacha ó na hoileáin amach ó Mhaigh Eo lena n-áirítear Cliara agus Acaill, ar fud chontae Shligigh agus anonn go Béal an Átha Móir agus Carraig Álainn i gCo. Liatroma.

- Mar chuid de thiomantas Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach do mhúnla cleachtais chruthaitheach inbhuanaithe a chinntiú, reáchtáileamar sraith de cheardlanna cruthaitheacha i réimse na n-oibrithe óige agus an phobail. Ina measc seo bhí Scileanna Amharclannaíochta, Faisean Inbhuanaithe le Déanamh Scannán Soghluaiste agus podchraoladh le Kinia agus Éic-Ealaín.

9.16 Seirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach

- I mí Aibreáin 2023 reachtáil AEGIS Liatroma Comhdháil d'Fhoghlaimoirí Liatroma, i gcomhar le Seirbhísí Leabharlainne Chontae Liatroma mar aon le Seirbhís Litearthachta d'Aosaigh chun nascadh le ranganna Litearthachta d'Aosaigh arna n-éascú ag na Seirbhísí Leabharlainne i gcontae Liatroma.
- I mí na Nollag seoladh Réamheolaire Cúrsaí Chontae Liatroma agus scaipeadh go forleathan é ar fud scoileanna agus grúpaí pobail sa chontae.
- I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'éascaigh Seirbhís Threorach d'Aosaigh Shligigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ('RCS') lá do dhaoine faoi 25 bliana d'aois.
- Reachtáil Seirbhís Threorach d'Aosaigh Shligigh Comhdháil le hInstitiúid na gComhairleoirí Treorach in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Bhí Comhordaitheoir AEGIS Shligigh ríthábhachtach i bpleanáil na hócáide seo.
- Ainmníodh Comhordaitheoir Treorach i Maigh Eo mar ionadaí BOOMSL ar Ghrúpa Líonra Treorach BOOÉ BO.
- I mí an Mhárta, d'éagraigh agus chomhordaigh Treoir d'Aosaigh Mhaigh Eo Taispeántas Oideachais agus Oiliúna do scoileanna dara leibhéal agus do thuismitheoirí thar 2 lá in Óstán Breaffy House. Thug sé seo léargas don lucht freastail ar gach gníomhaíocht BO i Maigh Eo, agus fuaireamar teistiméireachtaí iontacha ó fhoghlaimoirí reatha agus iar-fhoghlaimoirí.

9.17 Forbairt Ghairmiúil (FG)

I BOOMSL, tá Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil mar phríomhthosaíocht i gcónaí chun coinneáil suas le modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí oideachais atá ag teacht chun cinn. Trí fhás agus feabhsú leanúnach a chothú i measc a lucht saothair, cinntíonn BOOMSL go gcuirtear seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán ar fáil do gach foghlaimoir. Ní hamháin go dtugann an forbairt ghairmiúil an fhoireann leis na cineálacha cur chuige oideolaíocha agus an dul chun cinn teicneolaíochta is déanaí ach cothaítear cultúr nuálaíochta agus sármhaitheasa laistigh den eagraíocht freisin. Trí dheiseanna foghlama leanúnacha, déanann oideachasóirí agus baill foirne a gcuid scileanna a fheabhsú, fanann siad ar an eolas faoi na cleachtais is fearr atá ag teacht chun cinn, agus fanann siad freagrúil do riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoirí. Léiríonn an tiomantas seo don forbairt ghairmiúil tiomantas

BOOMSL do fhórsa saothair dinimiciúil agus éifeachtach a chothú a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin oideachais sam am i láthair agus agus as seo amach.

I measc na samplaí den Fhoghlaim agus den Fhorbairt Ghairmiúil a rinneadh in 2023 tá:

- Oiliúint maidir le Dínit san Ionad Oibre
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Teagmháil le Súgradh
- Seimineár Folláine Ar Líne don Fhoireann
- Oiliúint a chur ar an oiliúnóir
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil
- MSc san Oideachas Allamuigh
- Pas Sábháilte Láimhseála
- Cúrsa Idirnáisiúnta i dTáirgí Feola Tirim-Leasaithe
- Dioplóma Gairmiúil i Sláinte & Sábháilteacht
- Dioplóma Gairmiúil san Oideachas
- Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt
- Dioplóma Iarchéime i gCleachtas Oideachais i dTeagasc don Bhreisoideachas
- Teastas i Suathaireacht Spóirt
- Teastas san Oideachas Digiteach
- M.Sc Bia, Cothú & Sláinte
- Teastas i dTreoir d'Aosaigh
- Teastas i Scileanna Bainistíochta Daoine
- Teastas Glas i gCianoideachas Teagasc
- Cúrsa Oiliúna Lóga
- Snáthadh tirim don phian-bhainistíocht
- Feidhmeanna Bainistíochta

Le linn 2023, tugadh cuireadh do roinnt ball foirne BO a gcuid eolais agus saineolais a roinnt ag na himeachtaí oideachais seo a leanas:

- Comhdháil AHEAD “Miotais na bPrintíseachtaí a Bhriseadh”
- Comhdháil Gheimhridh EdTech Chumann Foghlama na hÉireann “TEL a Bhaint Amach le Printíseachtaí na Todhchaí a Chruthú”
- An Fóram Náisiúnta Teagaisc & Foghlama “Ardchaighdeán Acadúil sa Bhreisoideachas & Oiliúint”
- Ceardlann ó Sheirbhís Tacaíochta um Bhreisoideachas “Rannpháirtíocht Fostóra d’Fhorbairt Clár sa BO”
- “Ag Céimiú tríd an Ionad Oibre – an Phrintíseacht Díolacháin mar Chás-Staidéar” Ollscoil Mhá Nuad (d’fhoghlaimoirí atá cláraithe leis an Dioplóma Leibhéal 9 i nDearadh agus Bailíochtú Clár don Bhreisoideachas agus Oiliúint (BO))
- An Oifig Náisiúnta Printíseachta “Foghlaim ó Phrintíseacht faoi stiúir Cuibhreannais a Sheachadadh”

9.18 Cumarsáid & Imeachtaí

In 2023, lean BOOMSL lena rannpháirtíocht ghníomhach in imeachtaí éagsúla, ag taispeáint éachtaí agus ionchur thar réimsí éagsúla. Seo a leanas achoimre ar imeachtaí:

- Printísigh de chuid Commis Chef ag Taispeántas Catex

- Taispeántas BO
- Seó Bóthair Fostóra, Liatroim
- Cruinniú Mullaigh na Scoile
- Ardghanna
- Gnó Digiteach Éireann - Cruinniú Mullaigh Digiteach
- Comhdháil Foghlaimeoirí Liatroma
- Comórtas Worldskills
- Ionadaíocht ar an gClár maidir le Búistéireacht Cheardaíochta ag Euroskills Gdansk, an Pholainn
- Céimeanna thar chlár éagsúla
- Cuairt ón Aire Norma Foley ar Cholaiste Iascaigh
- Seoladh 'An Cosán'
- Seoladh ar Chlár Chéime Threasacha
- 'Cruinniú' - Imeacht Trasscileanna
- Cuairt ón Aire Simon Harris ar Shráid na Céibhe agus ar Cholaiste Breisoideachais Shligigh
- Seoladh mhúrmhaisiú Choillte Mach le Maria Walshe FPE
- Printíseach na Bliana de chuid Printíseachtaí Generation: Bhí 13 ainmniúchán ag BOOMSL do Ghradam Phrintíseach na Bliana do Phrintíseachtaí Generation, rud a léirigh sármhaitheas a bprintíseach.
- Curadh san Ionad Oibre na Bliana de chuid Printíseachtaí Generation: Bhí 11 ainmniúchán ag BOOMSL agus buaiteoir amháin do Ghradam Curaidh Áit Oibre na Bliana do Phrintíseachtaí Generation, rud a léirigh a thiomantas do thacú le printísigh san ionad oibre.
- Ionadaíocht ag níos mó ná 6 Printíseacht Expo ar fud na tíre

9.19 Erasmus 2023

I measc cuid de ghníomhaíochtaí Erasmus in BOOMSL in 2023 bhí na turais seo a leanas.

- Tá comhpháirtithe ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo i níos mó ná 20 ceann scríbe dá gclár Erasmus ar éirigh thar barr leis. I mbliana baineadh úsáid as 13 cheann scríbe le haghaidh socrúcháin a chuir go mór le taithí foghlama na scoláirí.
- Thug Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhroim Seanbhó 12 Fhoghlaimeoir SDOG go Barcelona mar chuid de chlár Erasmus+.
- Thug seirbhísí Oideachais Aosaigh agus Breisoideachais cuairt ar an bhFionlainn mar chuid de Staidéar Erasmus.
- Thaistil 20 ball foirne d'Oideachas Aosach agus Breisoideachais agus Oiliúna (BO) go dtí an Iodáil mar chuid de chlár Erasmus a bhí dírithe ar a gcumas bainistíochta tionscadail a fheabhsú. Ag glacadh páirte i gclár seachtaine, chríochnaigh siad é in éineacht le gairmithe oideachais eile san AE, ag cothú pobal cleachtais.
- Chríochnaigh triúr ball foirne clár dhá bhliain Erasmus – ApprEUance – go rathúil ag comhoibriú le piaraí BO ón Íoslainn, ón mBeilg, ón bhFrainc, ón tSlóivéin agus ón bPortaingéil. Dhírigh an taighde ar chomparáid a dhéanamh idir thionscnaimh foghlama obair-bhunaithe ar fud an AE. Dhírigh a dtaighde ar pháirtithe leasmhara printíseachta i ngach náisiún, ag nochtadh cleachtais den scoth a breathnaíodh ar fud na dtíortha go léir. Ar cheann de phríomhbhuntaistí an tionscadail seo bhí bunú pobail de chleachtóirí BO thar sé thír.

- Tá aon chomhpháirtí déag ag Coláiste Breisoideachais Shligigh ar fud sé thír faoi láthair, i bhfoirm Cuideachtaí Intéirneachta agus Coláistí VET Eorpacha. Chuir an coláiste 70 mac léinn Iar-Ardteistiméireachta thar lear sa bhliain acadúil 23, agus chaith beirt mhac léinn Cúram Leanaí bliain acadúil iomlán ag scoil Bhéarla phríobháideach in El Puerto De Santa Maria, an Spáinn. Faoi láthair, tá 5 iardhalta ag obair go lánaimseartha sa scoil seo.
- Go luath i mí Feabhra, thaistil 12 mac léinn ó Choláiste Chonnacht Thuaidh go Malaga sa Spáinn chun páirt a ghlacadh i Socrúchán Oibre Eorpach coicíse mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag Erasmus+. Bhain mic léinn ó roinnt cúrsaí lena n-áirítear Cúram Leanaí, Teiripe Saothair agus Eachaíocht taitneamh as deiseanna iontacha san ionad oibre in Andalucía.

9.20 Ciste Reach (MAEDF roimhe seo)

- Tá sé mar aidhm ag ciste Reach maoiniú a chur ar fáil chun tacú le foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil rochtain a fháil ar oideachas pobail agus páirt a ghlacadh ann. Tá sé mar aidhm aige rannpháirtíocht foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, go háirithe iad siúd atá ag tabhairt faoi chlár litearthachta agus scileanna. Tá an ciste dírithe go mór ar thógáil an bhonneagair dhigitigh de sholáthraithe oideachais pobail, lena n-áirítear feistí agus bogearraí a sholáthar, agus cur lena gcumas foghlaim a sheachadadh. Dearadh an ciste go sonrach chun dul i ngleic le neamhionannais agus tacú le rochtain ar oideachas pobail, agus bhí sé beartaithe freisin aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha sonracha sa Straitéis Litearthachta d'Aosaigh (ALL) chun maoiniú a dhíriú ar rochtain ar theicneolaíocht agus gléasanna, rochtain pobail ar wi-fi agus acmhainní leathanbhanda a leathnú agus chun aghaidh a thabhairt go díreach ar riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu.
- In 2023: chuir BOOMSL maoiniú €100,000 ar fáil do 56 grúpa pobail ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

9.21 Oiliúint ar Conradh

- In 2023, lean BOOMSL ar aghaidh ag baint leasa as Oiliúint ar Conradh chun freagairt shofhreagrúil a sholáthar do riachtanais oiliúna a thagann chun cinn i rith na bliana.
- Leanann Ionad Scileanna Digiteacha Bhéal an Átha ag leathnú agus ag barrfheabhsú agus déantar é a sheachadadh idir BOOMSL agus ár gcomhpháirtithe Oiliúna Ar Conradh.
- Soláthraíonn Oiliúint ar Conradh seachadadh do chuid dár dtionscnaimh BOO lena n-áirítear Scileanna chun Cinn, Scileanna chun Iomaíocht agus tacaíochtaí Breisoideachais.

9.22 I dTreo Coláiste BO na Todhchaí

- I mí Aibreáin 2022, seoladh Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo ag bogadh ar shiúl ó mhodh soláthair scartha de chlár Breisoideachais agus Oiliúna, i dtreo córais níos comhtháite atá dírithe ar thairiscintí cúrsaí. Bhí pleananna ar bun in 2023 chun Coláistí Breisoideachais Shligigh agus Liatroma a sheoladh. Tá an fhorbairt ag teacht le spriocanna *BO SOLAS na Todhchaí: Ag Claoclú na Foghlama, Straitéis Náisiúnta BO*

2020-2024. Díreoidh na coláistí ar Scileanna a Thógáil, Cuimsiú a Chothú agus Conairí a Chruthú.

10.Eolas Teagmhála

PRÍOMHOIFIG, MHAIGH EO

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
An Baile Nua,
Caisleán An Bharraigh
Co. Mhaigh Eo
F23 DV78

HEAD OFFICE, MAYO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board
Newtown
Castlebar
Co. Mayo
F23 DV78

Teil: +353 (0)94 902 4188 **Facs:** +353 (0)94 902 4187 **R-phost:** infomayo@msletb.ie

SLIGEACH

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Sráid Na Cé
Sligeach
F91 XH96

SLIGO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
Quay Street
Sligo
F91 XH96

Teil: +353 (0)71 91 94800 **Facs:** +353 (0)71 91 44121 **R-phost:** infosligo@msletb.ie

LIATROMA

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Ardán Sheoirse Naofa,
Cora Droma Rúisc
Co. Co. Shligigh Liatroma
N41 W2X7

LEITRIM

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
St. George's Terrace
Carrick-on-Shannon
Co. Co. Shligigh Leitrim
N41 W2X7

Teil: +353 (0)71 96 20024 **Facs:** +353 (0)71 96 21362 **R-phost:** infoleitrim@msletb.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN

<http://msletb.ie>

11. Gluais

TFO	Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachais
CE	Príomhfheidhmeannach
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IOP	Ionad Oiliúna Pobail
ESOL	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BO	Breisoideachais agus Oiliúint
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TOÁ	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
BOOMSL	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
CNC	Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
CIA	Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SDO	Scileanna don Obair
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
OTA	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
SEED	Forbairt Straitéiseach Rannpháirtíochta Fostóra
AD	Acmhainní Daonna
EY	Comhlacht Cuntasaíochta Ernst Young

12. Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL

SCOILEANNA	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Rathnaí, Gob an Choire, Co. Mhaigh Eo, F28 CP49 http://colaistepobailacla.ie/
Coláiste Dháibhéid agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Springfield, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 VY15 www.davittcollege.com /An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 EW84 https://ccfe.ie/
Coláiste Mhaighne	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 W884 www.moynecollege.ie
Coláiste Chomain	Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo, F26 YR99 www.gcr.ie
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 C782 www.stbrendancollege.com
Coláiste Pobail Sheosaimh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Co. Mhaigh Eo, F12 WE19 www.sjcc.ie
Coláiste Phádraig	Crosaire Leacain, Cill Ala, Co. Mhaigh Eo, F26 NW52 www.lackencross.ie
Coláiste Thiarnáin	Crois Mhaoilfona, Co. Mhaigh Eo, F26 WK25 mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/
Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart	Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, F28 TP82 www.westportcfe.ie
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach, F91 DY66 www.ballinodecollege.com / www.sligocfe.ie
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Co. Shligigh, F26 EC56 www.colaisteiascaigh.ie
Iar-bhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Co. Shligigh, F52 XE71 www.coola.ie
Coláiste an Choráinn	Baile an Mhóta, Co. Shligigh, F56 DP86 www.corrancollege.com

Iar-bhunscoil na Gráinsí	Asn Ghráinseach, Co. Shligigh, F91 F722 grangepps.ie
Coláiste Thuaisceart Chonnacht	Tobar an Choire, Co. Shligigh, F91 X883 northconnaughtcollege.net
Liatroim	
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Co. Liatroma, H12 TD72 mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 D623 www.dvs.ie
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Co. Liatroma, N41 XT98 www.loughallencollege.ie
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Co. Liatroma, N41 YT72 mohillcommunitycollege.ie

IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	SONRAÍ
Maigh Eo:	
Ionad Oiliúna Bhéal an Átha	Ceathrú an Chaisleáin Thiar, Béal an Átha, F26 P278
Ionad Breisoideachais Páirtaimseartha Chlár Chlainne Mhuiris	Lána an tSéipéil, Chlár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, F12 F5W7
Ionad Breisoideachais Acla	Ionad Oideachais Allamuigh Acla, Acaill, Co. Mhaigh Eo, F28 H7F2
SDOG Bhéal Átha na Muice	Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo, F12 DC93
SDOG / Ógtheagmháil Bhéal an Átha	Bóthar na hArdeaglaise, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 FEF4
SDOG / Ógtheagmháil Bhaile an Róba/ Ionad Breisoideachais Bhaile an Róba	Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo, F31 FK54
Ógtheagmháil Choillte Mach	Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo, F12 CK33
Ionad Breisoideachais Bhéal an Mhuirthead	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 D8H2
Ionad Breisoideachais Bhéal an Átha	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E264
Ionad Breisoideachais Bhéal Átha hAmhnais	Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, F35 A064
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna Caisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh (Droichead an Rí), F23 FW70
Sligeach:	
Ionad Oideachais Aosaigh, Sligeach	Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 DK33
Coláiste Bhéal Átha an Fhóid / Coláiste Breisoideachais Shligigh	Sráidbhaile an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Ionaid Oiliúna Shligigh	Baile Uí Theimhneáin, Sligeach, F91 N284
Ógtheagmháil Shligigh	Eastát Tionscail Chliabhraigh, Sligeach, F91 FY68
Liatroim:	
CIA - Mayflower, Droim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 Y8P6
Oideachas Aosach - Ionad Bee Park, Cluainín	Cluainín, Co. Liatroma, F91 HCD9
Oideachas Aosach - Teach na Toirbhearta, Cora Droma Rúisc	Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, N41 A2H5
Coláiste Marion	Maothail, Co. Liatroma, N41 CY58

COISTÍ BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
Coiste Airgeadais
An Coiste Breisoideachais agus Oiliúna
An Coiste Óige agus Ealaíon
Coiste Comhairleach Ógtheagmhála
Tá ionadaithe ag BOOMSL freisin in Ollscoil Theicniúil an Atlantaigh (OTA) OTA Shligigh, OTA na Gaillimhe-Maigh Eo agus OTA Leitir Ceanainn



msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

www.msletb.ie

